
# Nuachtlitir

## Scoil Naomh Ciarán



Oifig: 095 33 613 ~ Guthán: 086 302 4158 Mí Meitheamh (2) 2021

**Soláthair Mí Iúil / July Provision & Campa Spraoi**

Tá Soláthair Mí Iúil & Campa Spraoi ar siúl sa scoil i láthair na huaire. Beidh Campa Spraoi ag críochnú ar an 2ú Iúil. Beidh Soláthar Iúil ar siúl go dtí 9ú Iúil. Mo mhíle buíochas le na Múinteoirí agus na Cuntóirí, Clíona, Seán, Aishling, Ann agus Cáit atá ag glacadh páirt ann ar son gasúir na scoile. Le linn na seachtaine, tá lón mór ag teastáil ó na gasúir, mar bíonn ocras orthu tríd an lae. Ceapaire, torthaí, iogairt agus neart deochanna.

***Seo a leanas imeachtaí éagsúla a bheidh ar siúl le linn seachtain an 28ú - 2ú Iúil:***

***Siúlóidí Áitiúil*** *go dtí an Páirc Spraoi, Céibh Chill Chiaráin nó Tobar Chill Chiaráin. D'fhéadfadh muid dul ar siúlóidí ar aon lá den tseachtain. Beidh bríste gearra, t-léine agus caipín píceach ag teastáil gach lá, chomh maith le neart uachtar gréine de bharr an aimsir the. Freisin, moltar neart deochanna agus lón bhreá shláintiúil (ceapaire, iogairt, torthaí) mar bíonn muid gníomhach i rith an lae!*

***Snámh - Ag brath ar Aimsir:*** *Beidh muid ag dul go dtí trá Chaladh bhFuinse Dé Céadaoin, 30ú Meitheamh.*

- *Baileoidh Diarmuid (mini bus) muid ag an scoil ag 12 i.n.*
- *Beidh Tóraíocht Taisce na Mara againn, rachaidh muid ag snámh & beidh picnic againn. We will have a Sea Life Treasure Hunt, we will go for a swim, and we will have a picnic.*
- *Is smaoineamh mhaith é an culaith snámha a bheith ar na gasúir faoi na h-éadaí mar beidh sé níos éasca éadaí a athrú. It is a good idea for the children to wear their swimsuit under their clothes on the day as it will make changing easier.*
- *Beidh Éabha & Aishling san uisce freisin, agus ní bheidh cead ag na gasúir dul amach níos faide ná básta. Beidh muid ag caint le na gasúir faoi shábháilteacht uisce le linn na seachtaine. Éabha and Aishling will take to the water also, the children are not allowed out past their own bellybutton. We will remind children of water safety rules during the week.*
- *Ansin, beidh picnic againn ar an trá agus is féidir le tuistí na gasúir a bhailiú thíos ag an trá ag 2:00 i.n. After that we will have a picnic on the beach, and parents can collect children from the beach at 2:00 p.m.*
- *Beidh culaith snámha, tuáille agus athrú éadaí ag teastáil, chomh maith le uachtar gréine uiscefhriotaíoch. Coinneoidh muid i dteagmháil libh ar an lá trí fón póca na scoile. Swimming Togs, towel and change of clothes needed, along with water resisitant sun screen. Teachers are contactable through the school mobile.*

**Cúrsaí Tráchta / Traffic**

Go raibh maith agaibh ar fad as cloí le corás nua tráchta na scoile taobh amuigh den Séipéal. Leanfar ar aghaidh leis an gcóras seo as seo amach. Ba mhaith linn an trácht a laghdú taobh amuigh de thaobh-gheata na scoile ar chúinsí sláinte agus sábháilteachta agus gasúir scoile ag trasnú bóthair. *Thank you all for adhering to the new traffic system at the Church roundabout. We will continue with this system from now on. We aim to reduce traffic at the side gate of the school for safety reasons as school children cross the road.*

**Leabharliostaí & Féilire**

Tá Féilire na scoilbliana seo chugainn ar an suíomh idirlíon anois. Beidh na leabharliostaí ar fáil ar an suíomh idirlíon go luath, seolfar téacs chugaibh chomh luath is atá siad déanta againn.

**Éide Scoile 2021 – 2022**

Tá liosta an éide scoile goite abhaile le seachtain anuas. Beidh sé ar an suíomh idirlíon go luath. Le bhur dtoil, cinntigí ó Mhí Meán Fómhair ar aghaidh go bhfuil an éide scoile ceart ar na gasúir. Níl cead leigíní (leggings) ná treabhsar dubh. Go raibh maith agaibh.

**Sábháilteacht Uisce / *Water Safety***

Agus an aimsir bhreá ag teannadh linn, tá sé ríthábhachtach bheith airdeallach faoi shábháilteacht uisce. Le bhur dtoil, meabhraigí do bhur bpáistí bheith cúramach agus iad ag snámh sa bhfarraige nó sa linn snámha, agus a bheith cúramach ar bháid / ar churrachaí agus ag siúl thimpeall ar chéibheanna. Is minic nach mbíonn Garda Tarrthála ar an trá, dá bhrí sin ní mhór bheith cúramach agus na gasúir amuigh san uisce. Is fiú labhairt le bhur bpáistí faoi "PAWS" (Primary Aquatics Water Safety) agus dul thríd na pointí sábháilteachta sula dtéann sibh ag snámh. Is scil bunriachtanach í an snámh, agus ba mhaith linn í a mhúscailt sna páistí, ach bheith aireach freisin.

*As the fine summer weather approaches, it is important to be aware of safety near and in the water. Please remind your children to be careful as they swim in the sea or the pool, also to be safe on boats / currachaí or walking around the pier. Unfortunately, Lifeguards cannot always be on duty at the beach, so it is important to keep an eye on children as they swim in the sea. Talk to your children about "PAWS" (Primary Aquatics Water Safety) and chat about the steps they should take before going for a swim. Swimming is an essential life skill, and we would like to encourage the children to take it up as a hobby, but to also be aware of safety measures.*

**Sábháilteacht Feirme / *Farm Safety***

Tá feirmeoirí dhíograsacha againn anseo i Scoil Naomh Ciarán! Iarraimís ar chuile dhuine bheith airdeallach faoi ghasúir ag spraoi nó ag cabhrú thart timpeall ar mheaisín, quads, tarracóirí, leoraíthe, jíp mhóra nó caranna. Má fheiceann tú garraí le geata oscailte agus ainmhithe istigh ann, abair le duine fásta ar an bpointe. Bí cúramach thart ar ainmhithe ar nós beithigh/caoire le naíonán nua-bheirithe agus tarbh/reithe/staileanna. Níl siad cosúil le peataí, tá siad in-ann cic bhreá a thabhairt má tá siad crosta! Ná bí ag dreapadóireacht ar chnocaí nó béileannaí féir, is féidir titim anuas nó titim eadarthu agus tá sé sin an-tinn. Fan amach ó dhréimirí, bídís stóráilte go sábháilte sa seid. Bí cúramach thart ar bhairillí móra uisce nó sciodar faoin talamh, má tá a leithid agaibh. Agus an rud is tábhachtaí, bain taitneamh as na laethanta saoire. Is iontach an t-am é seo le bheith amuigh faoin aer úr agus ag obair le hainmhithe ar an bhfeirm, nó ag obair ar an bportach. ☺

*We have very enthusiastic farmers here in Scoil Naomh Ciarán! We ask everyone to be highly cautious of children playing or helping around machines, quads, tractors, lorries, jeeps or cars. If you see an open gate in a field with animals in it, tell a grown up immediately. Be careful around animals like cows/sheep with newborns and bulls/rams/stallions. They are not like pets, and they can give a strong kick if they are cross! Don't climb on hay-stacks or bales of hay, you could fall off or between them. Stay away from ladders, have them stored safely in a shed. Be careful around big barrels of water or underground slurry pits, if you have such things. And the important thing is to enjoy your holidays. It is a great time to be in the fresh air and working with farm animals or working up on the bog!*

**Sábháilteacht Bóthair**


Bígí an-chúramach ar an mbóthar agus sibh ag dul amach ag siúl nó ag rothaíocht/ar an go kart. Bíodh clogad agus seaicéad hi-viz oraibh mar tá siad an-fheiceálach, ní amháin san oíche ach i rith an lae freisin de bharr go bhfuil siad chomh lonnrach. Smaoinigh ar rialacha an bhóthair nuair atá sibh ag trasnú an bhóthair. *Be careful on the roads when you are out walking, cycling or go-karting. Wear a helmet and a hi-viz jacket. They are appropriate not only in the night time but also during the day as they shine. Remember the rules of the road when you are crossing the roads.*

**Slán le Rang a Sé**

Bhí lá iontach agus lán le spraoi againn ar an 23ú Meitheamh nuair a rinne muid céiliúradh ar na scoilbhlianta a chaith Rang a 6 linn. Ár míle buíochas le Máistreás Cáit a chur obair na gcapall isteach le cupla mí anuas, ag eagrú imeachtaí éagsúla timpeall Cill Chiaráin, ag bailiú pictiúrí le haghaidh powerpoint, ag ordú bronntanais agus ag cur cuimhní cinn le chéile do na gasúir. Míle buíochas freisin le Múinteoir Seán a d'eagraigh dioscó taobh amuigh, is iontach go deo an chraic a bhí againn! Ár míle buíochas freisin le Coiste na dTuismitheoirí a d'eagraigh cáca blasta, agus fógra ghalánta le balúin, a chroch siad taobh amuigh den scoil. Chomh maith le sin, d'eagraigh siad bronntanas álainn do Mháistreás Cáit. Ár míle buíochas le gach duine a rinne a ndícheall an lá a dhéanamh chomh speisialta dár scoláirí óga. Go n-éirí go geal le Rang a 6 sa gCéad Bhliain!

**Coiste na dTuismitheoirí**

Gabhann Scoil Naomh Ciarán, idir Foireann, Gasúir agus an Bord Bainistíochta a míle buíochas le baill an Choiste i mbliana: Áine Ní Chlochartaigh, Brídann Uí Chuirrín, Cassie Ní Chathasaigh, Deirdre Uí Chualáin, Maryanne Uí Mhadaoin, Sharon Swords, Dolores Uí Mhadaoin. Ár míle buíochas freisin le na tuismitheoirí a chabhraigh chun imeachtaí éagsúla a eagrú agus obair taobh amuigh den scoil a chur i gcrích: Páraic Ó Madaoin, Réamonn Mac Donnacha, Austin Breathnach, Seán Mac Donnacha, John Ó Ceannabháin, Seán Ó Cualáin, Tommy Ó Máille. Is obair dheonach é seo ar fad a dhéantar ina gcuid ama pearsanta féin. Tá tuismitheoirí na scoile seo fíor-thiomanta i dtaobh an fás agus forbairt le chéile, agus is iontach an ardú croí a thugann sé dúinn an spiorad seo a bhrath mórthimpeall orainn. Tá atmaisféar aoibhinn álainn le brath sa scoil, mór a'bhuíochas libh ar fad.



**Pobal na Scoile**

Ba mhaith liom mo mhíle buíochas a ghabháil libh ar fad as bhur gcabhair, bhur gcineáltas, bhur foighid, bhur dtuisceanas agus an tacaíocht ar fad a thug sibh dúinn mar scoil thar tréimhse an Chóibhéid, agus go háirithe i rith an chéad téarma ar ais agus le linn an dianghlasáil.

Is scoil bheag muid, agus teastaíonn cúnamh uainn ón bpobal chun ár scoil a rith. Is iontach, láidir an pobal scoile atá againn anseo i SNC agus is maith ann é. Aithníonn muid an díocas oibre agus an suim atá agaibh sa scoil agus in bhur bpáistí. Go raibh míle maith agaibh.

**Gasúir SNC**

Tá buíochas iontach speisialta tuillte ag gasúir Scoil Naomh Ciarán. Is daoine cairdiúil, cineálta, cruthaitheach, cabhrach, bródúil, cróga, thar a bheith barúil iad! Tháinig siad ar scoil go minic taobh amuigh d'am scoile, ag cabhrú le Coiste na dTuismitheoirí agus is iontach an obair a rinne siad. D'oibrigh siad go fíor chrua thar na bliana: sa mbaile ar Zoom agus ag an scoil. Thug siad aghaidh ar ghnáthaimh nua glanadh na lámha agus sláinteachas pearsanta gan stró agus thuig siad cén fáth go raibh sé le déanamh. Lean siad ar aghaidh ag léamh, ag obair agus ag déanamh gáire ar feadh na bliana, agus choinnigh siad muide ag gáire freisin! Tá muid chomh bródúil astú ar fad.

**Foireann SNC**

Tá Múinteoirí, Cúntóirí agus Rúnaí na scoile seo ag obair go díograiseach agus le brí ar son páistí agus pobal na scoile seo. Bhí bliain thar a bheith as an ngnáth againn, ina dtáinig go leor dúshláin ár mbealach. Tá moladh go h-ard na spéire tuillte ag gach aon duine d'fhoireann na scoile seo ar an gcaoi gur thug siad faoi na dúshláin seo, agus an atmaisféar chairdiúil, sona, slán a chothaigh siad inár scoilín dheas in am a bhí fíor imníteach.

Is ag obair go deonach atá foireann na scoile seo cuid mhór den am, ag eagrú imeachtaí agus tograí scoile ina gcuid ama pearsanta féin. Go raibh míle maith agaibh Cáit, Clíona, Seán, Eilís, Ann, Caitríona, Kim agus Aishling as gach rud a rinne sibh thar na scoilbliana seo 2020-2021. Is mór a chuireann sibh le saol na scoile agus tá muid ar fad chomh buíoch dhaoibh as bhur gcabhair agus bhur gcuid oibre ar fad. Buíochas as ucht an suim, an spéis agus an am a thugann sibh don scoil agus do na gasúir. Ní neart go cur le chéile.



Bainigí taitneamh as an aimsir bhreá!

Le dea-ghuí,

Éabha Ní Chualáin, Príomhoide.